# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais i gcabhair agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011 lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach***

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús na míosa.

***Fabhruithe, Réamhíocaíochtaí, Tiomantais agus Stoic ag Misin Thaidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí agus tiomantais aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos. Ní áirítear luach stoc arna shealbhú ag misin ag deireadh na bliana ach oiread.

***Ceangaltais***

Ní áirítear sna ceangaltais ach amháin na suimeanna sin a bheidh dlite ón Roinn sna dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin.

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní
caipitil bunaithe ar luacháil a cuireadh i gcrích i 2005 seachas

- talamh agus foirgnimh a fuarthas ó bhí 2005 a dtugtar a luach ar a gcostas
- trí áitreabh ambasáide a chuirtear san áireamh ar bhonn luachála gairmiúla a cuireadh i gcrích i 2011.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

**David Cooney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála
29 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
26 Lúnasa 2012

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha & Trádála
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | 90,260 | 92,101 | 92,975 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 6,080 | 4,313 | 5,274 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,688 | 3,813 | 3,277 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 7,408 | 6,553 | 7,358 |
| A.5. | Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara | 15,386 | 14,969 | 18,347 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 26,282 | 22,017 | 27,030 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 108 | 28 | 67 |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| B. | Aisdúichiú agus cothabháil na nÉireannach atá i dtrioblóid thar lear | 79 | 36 | 28 |
| C. | Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | 12,883 | 11,568 | 11,933 |
| D. | Seirbísí Eolais | 652 | 424 | 422 |
| E. | Ranníocaíochtaí le comhlachtaí in Éirinn chun caidrimh idirnáisiúnta a bhisiú (deontas i gcabhair) | 100 | 100 | 234 |
| F.1. | Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach | 3,000 | 2,998 | 2,999 |
| F.2. | Ciste Idirnáisiúnta d'Éire | 195 | 150 | 195 |
| G. | Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontas i gcabhair) | 846 | 846 | 846 |
| H. | Bord Comhairleach Eacnamaíoch Éire-Meiriceá | 28 | 13 | 13 |
| I. | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 47,440 | 48,407 | 52,340 |
| J. | Gníomhartha mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 226 | 494 |

| | | 2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí eile** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| K. | Tionscadal Shlí an Atlantaigh | 250 | 250 | 250 |
| L. | An ciste um thionscnamh trádála | 400 | 320 | |
| | *Straitéis na hÁise* | — | — | *179* |
| | **Ollchaiteachas** | **216,503** | **209,132** | **224,211** |
| | **Bain de** | | | |
| M. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **43,997** | **44,380** | **42,900** |
| | **Glanchaiteachas** | **172,506** | **164,752** | **181,311** |
| | **Farasbarr don bhliain** | | **€7,754,196** | **€9,226,474** |
| | **Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas** | | **€370,000** | — |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€7,384,196** | **€9,226,474** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 143,794 | 154,278 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 65,338 | 69,933 |
| **Olliomlán** | | | 209,132 | 224,211 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasa-i-gcabhair** | | | 44,380 | 42,900 |
| **Glaniomlán** | | | 164,752 | 181,311 |
| **Athruithe i Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Ceannacháin | | (1,853) | | |
| Diúscairtí | | 89 | | |
| Dímheas | | 6,307 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | | (92) | 4,451 | 1,022 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | (1,893) | | |
| Laghdú i stoc | | 1,862 | | |
| | | | (31) | (9,213) |
| **Caiteachas Díreach** | | | 169,172 | 173,120 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 18,574 | 17,719 |
| Measchíosanna | | | 760 | 1,140 |
| **Iomlán na gCostas oibriúchán** | | | **188,506** | **191,979** |

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá an méid do ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 28 a tabhaíodh in áit eile.

| Vóta | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 11,920 | 10,873 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 138 | 142 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,958 | 6,276 |
| 20 | Garda Síochána | 192 | 203 |
| | An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí srl. | 366 | 225 |
| | | **18,574** | **17,719** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 173,865 | 165,018 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.2 | 4,335 | 6,197 |
| Réamhíocaíochtaí | | 17,049 | 17,216 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.3 | 12,419 | 11,314 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **33,803** | **34,727** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 4,594 | 5,561 |
| Costais fhabhraithe | | 545 | 760 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 2,696 | 3,155 |
| Glanditeanas don Státchiste | 2.6 | 4,839 | 2,389 |
| Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí in Éirinn (deontas-i-gcabhair) | 7.2 | 90 | 90 |
| Caidrimh Chultúrtha le Ciste na dTíortha Eile (deontas-i-gcabhair) | 7.3 | 200 | 119 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **12,964** | **12,074** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **20,839** | **22,653** |
| **Glansócmhainní** | | **194,704** | **187,671** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **194,704** | **187,671** |

## 2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh[1] | Mótar fheithiclí | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luach ag 1 Eanáir 2011 | 147,865 | 3,675 | 47,912 | 72,481 | 271,933 |
| Breiseanna | 297 | 119 | 497 | 2,813 | 3,726 |
| Athluacháil[2] | 11,430 | — | — | — | 11,430 |
| Coigeartuithe na Bliana Roimhe[3] | — | (323) | — | — | (323) |
| Diúscairtí | — | (298) | (11) | (56) | (365) |
| Costas nó luach ag 31 Nollaig 2011 | 159,592 | 3,173 | 48,398 | 75,238 | 286,401 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | — | 3,055 | 36,708 | 67,152 | 106,915 |
| Dímheas don bhliain | — | 312 | 2,867 | 3,128 | 6,307 |
| Coigeartuithe na Bliana Roimhe | — | (346) | — | — | (346) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (281) | (3) | (56) | (340) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2011 | — | 2,740 | 39,572 | 70,224 | 112,536 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **159,592** | **433** | **8,826** | **5,014** | **173,865** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **147,865** | **620** | **11,204** | **5,329** | **165,018** |

**Nóta:**

[1] Seasann sócmhainní seasta atá san áireamh i dtalamh agus foirgnimh do réadmhaoin atá faoi úinéireacht lasmuigh don Stát. Chomh maith leis sin, tá deich bhfoirgneamh in úsáid ag an Roinn sa Stát, is leis an Stát ceann amháin acu agus tá naoi gcinn dóibh ar léas.

[2] Rinneadh athluacháil ar trí áitreabh de chuid na hAmbasáide le linn na bliana; Páras, an Suí Naofa agus Buanmhisean chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua Eabhrac agus bhí ardú iomlán de €11.43 milliún ar a luach mar thoradh air sin.

[3] Chuir obair ar ullmhú chlár na sócmhainní seasta do chuimsiú sa chóras bainistithe airgeadais béim ar roinnt earráidí i gclár na sócmhainní a ullmhaíodh de láimh.

## 2.2 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Leabhráin pas | 4,038 | 5,975 |
| Stoic prótacail | 146 | 120 |
| Stáiseanóireacht | 54 | 62 |
| Postas réamhíoctha | 8 | 8 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 89 | 32 |
| | 4,335 | 6,197 |

## 2.3 Iarmhéideanna Eile Dochair

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Cuntais Misean agus Ceanncheathrúna | 7,324 | 6,608 |
| Cuntais ranna agus gníomhaireachta | 2,344 | 1,544 |
| Cuntais Óinchiste agus Fionraí Pearsanta | 944 | 921 |
| Cuntais Airleacan Tuarastail Iasachta | 149 | 166 |
| Ilghnéitheach | 1,658 | 2,075 |
| | 12,419 | 11,314 |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | (4,581) | (5,536) |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (13) | (25) |
| | (4,594) | (5,561) |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,203 | 922 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 449 | 597 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 298 | 197 |
| CBL | 521 | 1,053 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 61 | 68 |
| | 2,532 | 2,837 |
| Ilghnéitheach | 164 | 318 |
| | 2,696 | 3,155 |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 7,384 | 9,226 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 370 | — |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (2,915) | (6,837) |
| Glandliteanas don Státchiste | 4,839 | 2,389 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 12,419 | 11,314 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (4,594) | (5,561) |
| Dlite don Stát | (2,532) | (2,837) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (164) | (318) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: cuntais deontais-i-gcabhair | (290) | (209) |
| | (7,580) | (8,925) |
| | 4,839 | 2,389 |

## 2.7 Ceangaltais

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | 18,318 | 18,386 |

Baineann an figiúr iomlán seo do thiomantais ag 31 Nollaig 2011 agus ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn sa bhliain ina dhiaidh sin le híocaíochtaí cíosa réadmhaoine thar lear agus le conradh do phriontáil leabhrán pas.

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fotheideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2. | 1,767 | D'eascair coigilteas ó chaiteachas laghdaithe faoi roinnt cheannteideal, go háirithe ar tháillí aeir (€162,000), óstáin (€140,000), liúntais chothabhála (€147,000), aistrithe (€385,000) agus tacsaithe (€27,000).<br>Chuir roinnt fachtóirí leis an toradh laghdaithe, lena n-áirítear gníomhaíocht laghdaithe do Lá 'le Pádraig agus úsáid mhéadaithe thaistil ag filleadh an lá céanna, go háirithe chuig áiteanna leithéidí Londain agus an Bhruiséil, rud a laghdaigh na costais óstáin agus na suimeanna cothaithe iníoctha.<br>Bhí úsáid mhéadaithe áiseanna físchomhdhála ina fhachtóir freisin. |
| C. | 1,315 | D'eascair an coigilteas ós rud é nach raibh dóthain dul chun cinn déanta ar roinnt iarratas ar thionscadail chaipitil i 2011 le go ndéanfaí aon deontas a íoc dóibh. |
| D. | 228 | D'eascair an coigilteas as an gcaiteachas ginearálta a bhí níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis ar sheirbhísí faisnéise. Cuireadh siar forbairt suíomh idirlín na Ranna rud a raibh de thoradh air laghdú de €100,000. |
| J. | 192 | Tar éis íocaíochtaí éigeantacha ar luach iomlán €116,000 a íoc, bhí €302,000 ar fáil i dtús báire do chaiteachas lánroghnach i 2011. Leis an timpeallacht dheacair bhuiséadach a chur san áireamh, áfach, go háirithe an sprioceasnamh maidir le fotheideal I, arbh éigean aghaidh a thabhairt air le haistrithe ó acmhainní Ranna ar ann dóibh cheana, aithníodh €150,000 ón bhfotheideal seo le haghaidh aistrithe/vírminte. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Pasanna, Víosaí agus Seirbhísí Consalachta eile | 38,520 | 39,166 | 36,521 |
| 2. Aisíocaíocht ar Airleacain aisdúichithe agus cothabhála | 30 | 6 | 8 |
| 3. Aisíocaíochtaí CBL le Misin Taidhleoireachta | 1,250 | 907 | 1,951 |
| 4. Ilghnéitheach | 500 | 506 | 543 |
| 5. Fáltais as Asbhaint i leith Pinsin ar Luach Saothair na Seirbhíse Poiblí | 3,697 | 3,795 | 3,877 |
| **Iomlán** | **43,997** | **44,380** | **42,900** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach teideal a raibh an toradh a bhain leis éagsúil ag breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a measadh agus breis is 5% amach ón suim a measadh.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) na mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 3. | 343 | Tá sé deacair an líon aisíocaíochtaí CBL chuig misin taidhleoireachta a thuar. |

### 4.2 Fáltais Státchiste Bhreise

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáltais ó dhíolachán maoine | — | 607,514 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimseartha) ag deireadh na bliana** | 1,255 | 1,309 |

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 73,595 | 73,201 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 272 | 257 |
| Liúntais eile | 384 | 377 |
| Ragobair | 1,534 | 2,601 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,046 | 2,998 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 2,443 | 2,487 |
| **Pá Iomlán** | **81,274** | **81,921** |

**Nóta:** eisíonn na pá-fhigiúirí iomlána thuas caiteachas neamhphá a ghearrtar go A.1.

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2011 | 2010 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 54 | 11 | 14,894 | 19,629 |
| Liúntais eile | 200 | 2 | 13,835 | 12,020 |
| Ragobair | 464 | 23 | 40,760 | 48,655 |

**Nóta**: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe eile maidir le Luach Saothair

Íocadh íocaíochtaí arb ionann €142,968 san iomlán iad le beirt státseirbhíseach a bhí ar scor agus ar fostaíodh iad chun saintascanna a dhéanamh.

Íocadh scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta arb ionann €398,122 san iomlán iad le haon iar-bhall foirne dhéag de chuid Oifig an Aire, nuair a tháinig deireadh lena bhfostaíocht. Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €89,080 san iomlán iad le deichniúr ball foirne a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáidí thar lear.

Íocadh íocaíochtaí breise arb ionann €3,900 san iomlán iad le tríocha sé ball foirne as freastal ar laethanta saoire bainc chun pasanna éigeandála a eisiúint.

## 6 Ilghnéitheach

#### 6.1 Costais Dlí agus Cúiteamh

Rinneadh íocaíochtaí arb ionann €56,848 san iomlán iad maidir le costais agus táillí dlí a tabhaíodh ar raon leathan ábhar a d'eascair sa cheanncheathrú agus ag misin thar lear, lenar áiríodh saincheisteanna maidir le fostaíocht /caidreamh tionscail agus éilimh dhíobhála pearsanta. Íocadh €168,937 san iomlán i gcostais socraithe a d'eascair as seacht n-éileamh dlí.

## 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Airleacain Aisdúichithe

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig**

| | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| | Iarmhéid neamhghlanta ag 1 Eanáir | 27 | 7 |
| Móide | Airleacain/caiteachas (Fotheideal B.) | 36 | 28 |
| | | 63 | 35 |
| Lúide | Méideanna a díscríobhadh | (24) | — |
| | Méideanna a Aisghabhadh (leithreasaí-i-gcabhair) | (6) | (8) |
| | Iarmhéid neamhghlanta ag 31 Nollaig | 33 | 27 |

### 7.2 Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí in Éirinn chun Caidrimh Idirnáisiúnta a Bhisiú (Deontas-i-gCabhair)

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig**

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 90 | 90 |
| Deontas i gCabhair (Fotheideal E.) | 100 | 234 |
| | 190 | 324 |
| Caiteachas | (100) | (234) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 90 | 90 |

## 7.3 Caidrimh Chultúrtha le Tíortha Eile (Deontas-i-gCabhair)

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig**

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 119 | 146 |
| Deontas i gCabhair (Fotheideal G.) | 846 | 846 |
| | 965 | 992 |
| Caiteachas | (765) | (873) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 200 | 119 |